

❖ An Lúibín ❖

16 Márta 2009

Raidió Rí Rá

Pop-Irish for the young on FM and the Net.

Má tá tú óg (agus tá an seanduine ag teacht, faraor, ar *An Lúibín*) bainfidh tú sult as Raidió Rí Rá, é le fáil ar FM in Éirinn agus ar an Idirlíon i gach áit eile: www.raidiorira.ie, de ló is d'óiche.

Anuraidh a tháinig sé ar an saol, agus popcheol, popchraic agus popnuacht le fáil ann. Le linn Sheachtain na Gaeilge, ócáid leathcháiliúil, bhí siad ag cabhrú le múinteoirí imeachtaí a chur ar siúl. Bhí ar an stáisiún soláthar dó féin, ach tá urraitheoir mór faighte aige anois – Samsung, comhlacht na nguthán póca a bhfuil de chlú air go ndéanann sé freastal ar leith ar lucht Gaeilge. B'fhéidir, freisin, go n-éireodh le lucht Rí Rá airgead a fháscadh as Roinn na Gaeltachta.

Tá dathanna canaí ar an suíomh, mar is cuí – comhartha ar chuid dá bhfuil i ndán don teanga.



Rialacha dlí

Many thousands of enabling rules for Irish legislation have not yet been translated into Irish.

Sa bhliain 2004 dúirt Ard-Chúirt na hÉireann go raibh sé de dhualgas ar ranna stáit ionstraimí reachtúla (rialacha a chuireann dlíthe nua i bhfeidhm) a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla. Anois tá an Stát ag cur i gcoinne an chinnidh sin, agus easpa aistritheoirí mar cheann de na cúiseanna atá leis.

An t-aturnae Pól Ó Murchú (fear a tógadh sa Ghaeltacht) a bhí i mbun an chéad chás, agus dúirt sé gur mhór an chabhair dó féin leaganacha Gaeilge de na rialacha a bheith ar fáil. Tá rialacha cúirte dúiche ar fáil i nGaeilge, ach tá rialacha na gcúirteanna eile i mBéarla amháin.

Is gnách na dlíthe féin a aistriú go Gaeilge, ach fanann cuid mhaith de na hionstraimí sa bhunteanga, agus 5,000 leathanach díobh ag teacht amach gach bliain. Aistríonn an Roinn Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a cuid rialacha go léir go Gaeilge, ach deir sí gur beag Roinn eile a dhéanann é agus go bhfuil os cionn 60,000 leathanach d'ionstraimí le haistriú fós. Is é barúil na Roinne go mbeadh gá le ceithre aistritheoir is fiche chun 5,000 leathanach breise a aistriú gach bliain. Tá aon aistritheoir amháin is fiche ar fóstú ag Roinn an Aistriúcháin faoi láthair.

Cor eile sa scéal: cuma cén rath a bheidh ar an achomharc, tá sé socraithe ag an rialtas mar phrionsabal gur cóir ionstraimí reachtúla a sholáthar i nGaeilge, agus tá an tAire chun deis a dhéanta a chur ar fáil.¹



Gramadóir ríomhaire

¹ 'Battle over Irish translations in court,' Mark Tighe, *Sunday Times*, 22/2/09.

A new device for writers of Irish that checks their grammar.

Is beag duine a mbeadh sé de dhánacht ann a rá go bhfuil gramadach na teanga seo simplí. Anois tá *Ceart: Gramadóir Gaeilge* ar fáil, áis ríomhaireachta a cheartaíonn botúin ghramadaí, agus í dírithe ar aistritheoirí, ar mhic léinn, ar lucht gairme agus, ar ndóigh, ar lucht foghlama (cé gur chóir dóibhsean na rialacha a chur de ghlanmheabhair ó thús!). Ní mór an téacs a chríochnú ar dtús agus *Ceart* a chur ar siúl chun go scrúdódh sé séimhiú, úrú agus a lán rialacha eile.

Diarmaid Mac Mathúna, gaelfhiontraí, agus Kevin Scannell, ríomheolaí agus saineolaí teanga ó Mheiriceá, a chum an áis seo, ach deir Mac Mathúna nach ceart a bheith ag brath ar *Cheart* ar fad agus an teanga chomh casta sin. An gnólacht Cruinneog a sholáthraíonn an áis, agus tá sí oiriúnach do gach saghas ríomhaire.

Is í Cruinneog a chuir *Gaelspell* ar fáil freisin, áis a cheartaíonn do chuid litrithe agus tú ag scríobh. Tá breis eolais le fáil ar an suíomh seo: www.cruinneog.com.



An iris Comhar á maoiniú

The journal Comhar, once the flagship of Irish-language journalism, has received a subsidy in its hour of need.

Tá an iris *Comhar* tar éis deontas €231,545 a fháil ó Fhoras na Gaeilge, rud a tharla tar éis di tairiscint a chur isteach ar sholáthar irise Gaeilge ó Mhí Mheán Fhómhair 2008 go dtí deireadh na bliana 2010.

Ní dhearnadh ach dhá thairiscint agus *Comhar* a bhuaigh. Dhiúltaigh an Foras aon eolas ar an dream eile a scaoileadh ar chúiseanna tráchtála. Bhí an iris san fhaopach anuraidh agus a bás á thuar; ceapadh eagarthóir nua agus ansin eagarthóir sealadach, agus ceapadh bord nua. Bhí tábhacht riamh leis an iris mar thráchttaire agus mar áit a bhfoilseofaí saothar scríbhneoirí nua, ach theip uirthi cos a choinneáil leis an aimsir.

Chuir an *Sunday Tribune* suim sa scéal faoin gceannteideal '231k grant for tiny Irish language magazine,' agus rinne amach go bhfaigheadh *Comhar* €9,000 an t-eagrán (seacht n-eagrán is fiche atá i gceist), nó beagnach €10 an chóip. Tá sé le feiceáil anois an fiú *Comhar* an deontas, agus dianghá aici lena thuilleadh léitheoirí. Tá an Foras chun díol na hirise a scrúdú go rialta lena dhearbú nár cuireadh an t-airgead sa dul amú. Is féidir spleachadh a fháil ar an iris aiséirithe ag <http://comhar.blogspot.com>.



Cainteoir dúchas

Languages are dying and some are being revived. Irish, in this context, is in an ambiguous position, sinking and rising simultaneously, both endangered and saved.

Tá timpeall 6,000 teanga le fáil sa domhan agus tá timpeall 2,500 acu sin i mbaol, rud is féidir a fheiceáil go soiléir ar atlas teangeolaíoch UNESCO. Síltear go labhraíonn 97% de dhaonra an domhain 4% de theangacha an domhain; os a choinne sin, tá 96% de theangacha an domhain á labhairt ag 3% de dhaonra an domhain :

Tugann gach teanga léargas ar an saol daonna ar a dóigh féin. Sin é an fáth ar féidir le oilteacht ar na teangacha, cibé cinn atá ann, ceisteanna bunúsacha an ama atá le teacht a réiteach. Nuair a imíonn teanga in éag caillimid cuid de na rudaí a chabhraíonn linn dul

amach ar struchtúr agus ar fheidhmiú na dteangacha, ar réamhstair an chine dhaonna, agus éiceachórais iomadúla an domhain a chaomhnú.²

Mar a deir UNESCO, is trí theangacha is mó a chuireann daoine caidreamh ar a chéile agus a chuireann smaointe, mothúcháin, eolas, cuimhní agus moráltacht in iúl. Trí theangacha a tharraingimid chugainn an oidhreacht chultúrtha dhobhraithe. De réir mar a deir na teangeolaithe, tá staid teanga le meas de réir an liosta a leanas:

1. An teanga á labhairt ag gach glúin agus í á seachadadh gan stad.
2. An teanga á labhairt ag formhór na bpáistí ach gan í a bheith á húsáid ach amháin i réimsí áirithe (m.sh. sa bhaile).
3. Ní fhoghlaimíonn na páistí an teanga sa bhaile a thuilleadh mar a dteanga dhúchais.
4. An teanga á labhairt ag na seanaithreacha agus ag daoine is sine fós; go fiú má thuigeann na tuismitheoirí an teanga, ní labhraíonn siad leis na páistí ná eatarthu féin í.
5. Is iad na seandaoine féin na cainteoirí is óige, agus gan acu ach smeadaráil a labhraíonn siad anois agus arís.
6. Níl aon chainteoirí ann.

Ní follasach cá bhfaighfeá an Ghaeilge ar an liosta, rud a bhaineann le meath na teanga sa tseanGhaeltacht agus treisiú na teanga in áiteanna eile. Níl amhras ná go bhfuil an meath ann, ach is deacair a dhéanamh amach cé chomh tréan is atá an treisiú agus a bhfuil ann d'eagraíochtaí, de mhaoiniú agus de bholscaireacht. Sa Ghaeltacht tá an teanga ag aistriú ó uimhir 2 go huimhir 3; os a choinne sin, ní dócha go mbainfear amach uimhir 6 choíche sna háiteanna eile úd.

Tugtar ómós fós don chainteoir dúchais, duine a tógadh i gCúil Aodha nó i nDúiche Sheoigheach. Ach is cainteoir dúchais aon duine a thógtar leis an teanga, cuma cár tógadh é. Fágann sin gur féidir cainteoir dúchais Gaeilge a dhéanamh d'Astrálach nó de Sheapánach nó de Thibéadach, agus b'fhéidir go dtiocfadh an lá.³ Nuair a chaoineann daoine an Ghaeltacht caoineann siad dúchas leanúnach sinseartha, ach scéal eile ar fad is ea ceist na gcainteoirí dúchais inti féin. Tá teanga nua ag eascairt as an mbearna, blas agus dul an Bhéarla uirthi, gan baint ar bith aici leis an rud a bhí. Tá sí ann agus beidh ann feasta.

Is furasta comharthaí sóirt na teanga nua a aithint ó thaobh na foghraíochta de, mar is léir d'aon duine a éistean le BBC Uladh nó le Raidió na Gaeltachta, agus is ait an léargas a thugann siad ar a bhfuil i ndán don teanga. Rollann muintir na Gaeltachta a gcuid R'nna agus tugann an guth aniar go maith ó chúl na scornaí; téann de na Gaeilgeoirí rolladh ar bith a dhéanamh (teip atá ina bac orthu agus iad ag foghlaim Spáinnise nó Iodáilise) agus tugtar na fuaimeanna amach beagán chun tosaigh sa bhéal mar a dhéanfadh Béarlóir. Blas seanda sinseartha atá ar chaint na Gaeltachta, blas na haoise uirbí atá ar chaint na nGaeilgeoirí. Ar éigean a chreidfidh daoine i gceann cúpla céad bliain go raibh leithéid na seanchainte riamh ann – tuin choimhthíoch as saol a d'imigh.

² Chaque langue témoigne à sa façon de l'expérience humaine. C'est pourquoi la maîtrise des langues, quelles qu'elles soient, peut apporter une réponse aux questions fondamentales de demain. A chaque fois qu'une langue meurt, nous perdons une partie des éléments qui nous aident à comprendre la structure et la fonction des langues, la préhistoire de l'humanité et à maintenir la grande variété d'écosystèmes dans le monde.

³ Scriosadh an mhórchuid de na teangacha Bundúchasacha in oirdheisceart na hAstráile, ach tá grúpaí ag iarraidh anois cuid díobh a athbheochan leis an bhfianaise atá le fáil agus le cúnaimh teangeolaithe proifisiúnta. Má éiríonn le haon dream acu teanga phobail a dhéanamh arís de theanga a sinsear agus clann a thógáil léi, beidh cainteoirí dúchais arís ann.

Idir an dá linn tá cleamhnas á dhéanamh idir Gaeilge agus Béarla agus níl colscaradh i ndán dóibh. Má tháinig an Béarla slán mar theanga ar leith ó anáil na Fraincise fadó d'fhéadfadh an Ghaeilge an cleas céanna a imirt, ach d'fheoigh an Fhraincis i Sasana agus beidh an Béarla cois tinteáin ag an nGaeilge go deo. Faoi láthair tá líon na nGaeilgeoirí ag dul i méid, scoth Gaeilge ag cuid acu agus Gaeilge shleamchúiseach ag cuid eile: tá léiriú ar an leathmháistreacht le fáil, mar shampla, ar a lán dá bhfuil sa Vicipéid. Tiocfaidh réiteach ar an scéal leis an aimsir, agus tiocfaidh borradh faoin méid teaghlach a bhfuil clann á tógáil leis an teanga. Ach rachaidh an teanga a bealach féin, ag athrú a lí ó ghlúin go glúin.



Múchadh na Tibéide

The Chinese authorities fear Tibet and loath the Dalai Lama. But he is old and Tibet is a drowning country: immigration, not an evil in itself, is there an obliterating force, while the exiles try to save the best of their culture.

Tá briste ar an bhfoighne ag an Dalaí Láma: é á fhógairt go neamhbhalbh go bhfuil áit chráite déanta den Tibéid ag an tSín. Ba ghearr gur tháinig an freagra binibeach. Tá sé ráite cheana nach bhfuil a leithéid de namhaid eile ag an tSín, fear a bhfuil aoibh na ndaoine air, ceannaire reiligiúnda agus polaitiúil le chéile. Beag an t-ionadh, mar sin, nach eol don tSín conas é a láimhseáil. Agus anois cothrom an éirí amach (ós é sin a bhí ann i ndáiríre) a tharla bliain ó shin i Lása, agus bunadh na háite ag cur a rachta díobh ar na sráideanna.

Is leithne an Tibéid ná Lása, cathair a bhfuil seanphálás iontach, an Potala, go fóill ann os cionn sráideanna neamhshuntasacha Síneacha. Seanbhailte iargúlta, fúlleach na gcoillte fiáine, machairí arda, mainistreacha dathacha ar leiceann sléibhe agus cloigíní gaoithe crochta as a mbeanna. Na sléibhte arda naofa. Muintir na tíre ag dul ar oilithreacht. Cheangail na Síningh ceantair áirithe den Tibéid de chúigí comharsanacha sa tSín féin, ach níor chaill na ceantair úd a ndúchas. Is follasach anois, áfach, go bhfuil sé ag dul rite leis an dúchas sin é féin a chosaint ar na Síningh atá i réim anois i gcúrsaí gnó agus ar na fórsaí iomadúla slándála. Níl ach timpeall dhá mhilliún Tibéadach sa Tibéid féin agus timpeall ceithre mhilliún eile sa réigiún máguaird. Más i mBeijing atá tú, is gearr go dtabharfaidh an traen thú chun Lása - cathair Shíneach ar nós na gcéadta eile, áit a bhfuil an Potala ina iarsmalann agus na Tibéadaigh sna cúlsráideanna.

Ní hiad na Síningh amháin a deir, agus an ceart acu, go raibh an tseanTibéid dona go leor ar a lán slite - an feodachas, an salachar, an cliarlathas. Is fada an saol sin imithe, go fiú má dhéanann daoine éigin rud rómánsach de, agus is minic na húdaráis Shíneacha á mhaíomh gurb iadsan ba chúis leis an bhfeabhsú. Iad ag tnúthán anois le bás an Dalaí Láma, mar rud a ligfeadh do na Tibéadaigh a admháil gur Síningh ó cheart iad. Meathfaidh a ndóchas orthu, ós léir nár chuir na Tibéadaigh óga leathShínithe féin a dtoil riamh le rialú na Síne. Ach leanann ar na Síningh ag teacht - le ceart, a déarfáidís. Is é an cúngú leanúnach sin is luaithe a scriosfaidh an Tibéadachas.

Na manaigh agus na mná rialta a bhí ar tosach riamh ag léiriú míshástachta. Na scórtha acu i mbun léirsithe i mblia na gcoinne cosc an deasghnátha thábhachtaigh *Monlam*, agus é ina chomhartha at thús na Bliana Úire. As mainistir Sey dóibh i gCúige Sichuan. Bhí neart Tibéadach eile ag babhcatáil ócáidí ceiliúrtha.

Dhiúltaigh formhór na dTibéadach *Losar* (féile na Bliana Úire) a chomóradh i mblia na d'ainneoin spreagadh na n-údarás. I gcontae amháin (Kardze) dúirt daoine paidreacha ar son na dTibéadach a maraíodh i rith na n-agóidí bliain ó shin. Ar an tríú lá de Losar is gnách an fhéile a chomóradh le rásaí capall, rincí agus dó túise, agus bratacha á dtógáil ar bharr na sléibhte le hómós do na déithe. Bhí ar na húdaráis lucht siamsa dá gcuid féin a chur ag rince agus ag amhránaíocht, agus gan aon duine ag féachaint orthu. Na daoine ag obair leo faoi nach raibh féile ar bith ann. Rinneadh léirsithe beaga i

gcontae Kardze agus roinnt daltaí páirteach iontu - daltaí atá ag freastal ar scoil Shíneach ann. Gabhadh ar an toirt iad.⁴

Inniu tá timpeall 120,000 deoraí ón Tibéid le fáil ar fud an domhain. De ghnáth fágann idir 2,000 agus 3,000 teifeach an Tibéid gach bliain chun dídean a fháil san India, ach ó tharla an t-achrann anuraidh níor tháinig ach cúpla céad duine. Ní féidir leo an Tibéid a bhaint amach ach trí Neipeal, agus is deacair dul thar teorainn isteach anois. Tagann cuid acu i leoraithe na smuigléirí agus a fhios acu gurb é an príosún atá i ndán dóibh má bheirtear orthu.

Is é múchadh an dúchais sa bhaile a ghríosaigh na deoraithe chun scoileanna a bhunú san India, i Neipeal agus sa Bhútáin. Tá ochtú ceann ann anois, timpeall 28,000 dalta iontu, agus timpeall 850 dalta nua ag teacht isteach iontu gach bliain ón Tibéid, tar éis turas ainneis thar shléibhte sceirdiúla go minic. Scoileanna lae rompu, naíolanna, institiúidí gairme agus lárionaid thraenála. Sa Tibéid is deacair oideachas cuimsitheach dúchasach a fháil, agus amuigh faoin tuath tá na scoileanna go dona, ach bagraíonn na Síinigh 'drochiarsmaí' ar thuismitheoirí a chuireann a gclann uathu chun na hIndia anonn.

San India atá an chuid is mó de na scoileanna: iad ag úsáid curaclam áitiúil, ach an-aird á tabhairt ar chreideamh, ar stair, ar thíreolaíocht agus ar theanga na Tibéide. Tá timpeall 2,000 dalta ag freastal ar an scoil i nDaramsala, áit chónaithe an Dalaí Láma. Téann an mhórchuid d'iardhaltaí na scoileanna sin le oideachas gairmiúil agus teicniúil, le ceirdeanna traidisiúnta agus leis an éigse. Chun breis daltaí a tharraingt isteach sna gairmí, táthar tar éis coláiste nua a bhunú i mBangalór do Thibéadaigh a theipeann orthu áit a fháil in ollscoileanna na tíre. Dúirt cailín amháin, agus í ag caint le hiriseoir ón mBBC, gur Thibéadach í príomhoide a scoile sa Tibéid ach nach raibh focal Tibéidise ina pluc, agus go raibh sí féin ag foghlaim Síinise ar eagla go rachadh sí ar ais.

Níl teorainn leis an dianfhaire a dhéantar ar na Tibéadaigh, agus ar na manaigh go háirithe. Inní as compás ar na húdaráis faoin easaontas. An eagla chéanna orthu roimh Uígirigh Mhuslamacha an iarthair i Xinjiang, roimh lucht cleachta Falun Gong agus roimh easaontóirí daonlathacha sa bhaile. Faoi láthair tá an dúchas Tibéadach beo i measc na ndeoraithe, ach ní fios an féidir leis maireachtáil ann sa síneadh fada.

Seandúine anois é an Dalaí Láma, agus deir sé má fhaigheann sé bás ina dheoraí go dtarlóidh a athionchollú úr lasmuigh den Tibéid. D'fhéadfadh duine éigin teacht i réim ina dhiaidh ar shlí eile freisin - de réir sinsearthachta nó de bharr toghcháin féin. Tá a fhios aige go gceapfaidh na Síinigh a rogha féin de cheannaire, ach ní dócha go mbeidh aon mheas mór ag na Tibéadaigh air siúd. Ní bheidh púcaí in easnamh ar na Síinigh feasta.⁵



Burma

Burma moves in and out of Western awareness, but interesting times approach: the generals want an election in 2010, but have failed to end local insurgencies and internal dissent. And it is clear by now that sanctions have failed.

Má fhiafraimid cén fáth a bhfuil ginearáil Bhurma chomh dall sin ar leas a dtíre, ní mór dúinn aird a thabhairt ar an múnrlú a dhéantar ar an meon míleata ann. De réir mar a deir an tráchttaire sóisialta Saw Tun, creideann na saighdiúirí go bhfuil sé de cheart acu a bheith faoi réim de bharr a ndiansaothair agus a bhfulaingíonn siad ar son a dtíre. Tá dalladh púicín, dar leo, ar ASEAN⁶ agus ar

⁴ Tuarascáil ón *Tibetan Centre for human Rights and Democracy*, 8/3/09.

⁵ Foinsí:

'Tibetan education thrives - in exile,' Amy Yee, *The Christian Science Monitor*, 6/3/09; agus Peter Forde, 17/3/08..

'Tibetan monks protest New Year prayer ban,' Audra Ang agus Ashwini Bhatia, Associated Press 2009.

'Exiles keeping Tibetan identity alive,' Eleanor Thomas, Márta 2009, BBC Radio 4.

⁶ The Association of South-East Asian Nations. Baineann Burma féin leis an gcumann seo.

an aicme oilte, agus creideann siad i 'mbealach Burmach' atá naimhdeach do pholateoirí agus do pháirtithe. Níl in easaontóirí agus i lucht déanta léirsithe ach brabúsaithe leisciúla. Seo é an dearcadh a fhágann na ginearáil scoite amach ón bpobal.⁷

Trí smachtbhannaí a chuir rialtais eile an mhíghnaoi atá acu ar na ginearáil in iúl. Shíl gníomhaithe freasúra i mBurma féin go mbeadh an-éifeacht leis na smachtbhannaí céanna, in éineacht le feachtais shíochánta, brú idirnáisiúnta agus cogadh cois teorann. Toradh eile a bhí ar an scéal: bacadh na hiarrachtaí a tugadh ar an ngeilleagar a oscailt ón taobh istigh, agus b'éigean do na mílte oibrí mná tionscal na fiodóireachta a fhágáil agus tabhairt faoi obair eile, leithéid an mheirdreachais agus jabanna thar teorainn. Tar éis an tsaoil, áfach, is iad na ginearáil féin is ciontach le meathlú na tíre, cé nach iad atá thíos leis. Iad ag baint brabaigh anois as saothrú na n-acmhainní nádúrtha agus cabhair á fáil acu ón India agus ón tSín. Thaitin smachtbhannaí le hAung San Suu Kyi agus leis an National League for Democracy (NLD), ach b'fhéidir gur mithid anois athchomhairle a dhéanamh. Áitítear gurb iad na heagraíochtaí neamhrialtais agus grúpaí sibhialta eile is fearr a fhéadann saol na ndaoine a fheabhsú, i gcúrsaí oideachais, sláinte, talmhaíochta, gnó, taighde agus taistil. Ach fágann sin an cheist pholaitiúil gan réiteach, is cuma cé chomh minic is a théann Aung San Suu Kyi and an Ginearál Sinseartha Than Shwe chun cainte le chéile.⁸

Ní hé go bhfuil an-dul amach ag an NLD féin ar ghnóthaí geilleagair, rud a admhaíodh i 'ráiteas speisialta' a chuir siad amach i Mí na Feabhra faoi na comhráit a bhí acu leis na ginearáil. Chuir seo ionadh ar thráchtair amháin ar a laghad, agus an oiread sin saineolaithe ann a d'fhéadfadh cuidiú leo.⁹

Is fusa do na ginearáil díriú ar easaontóirí i lár na tíre anois agus sos comhraic déanta acu le seacht ngrúpaí déag cheannairceacha de chuid mhionphobail na tíre. Maítear go bhfuil buntáistí eile ag baint leis an sos: ligeann sé don rialtas dul i gcomhar leis na comharsana (go háirithe an tSín agus an Téalainn) i gcúrsaí gnó, agus tugann sé dlisteanacht do na ginearáil. Ach tá tuar achrainn ann. De réir an bhunreachta nua agus i bhfianaise na dtoghchán a bheidh ann sa bhliain 2010, tá atheagrú le déanamh: na Burmaigh a choinneáil i gceannas fós mar ghrúpa eitneach, iarraidh a thabhairt ar na ceannaircigh a dhí-armáil agus áitiú orthu páirtithe polaitiúla a dhéanamh díobh féin. Ní cosuil go ngéillfidh na ceannaircigh. Tar éis an tsaoil, ba mhó an tairbhe dóibh cur suas don dí-armáil agus a chur in iúl do na tíortha máguaird go bhfuil gá le fíor-réiteach polaitiúil. Tá 40,000 saighdiúir acu, agus beidh inní ar an tSín go háirithe faoin achrann atá á thuar cois teorann.

Idir an dá linn tá brabach á bhaint as acmhainní na réigiún úd ag gnólachtaí míleata, ag cairde na nginearál, ag infheistitheoirí ón iasacht agus ag tiarnaí áitiúla drugaí.¹⁰ B'fhiú breis airde a thabhairt ar dhrochiarsmaí na míréire i gcúrsaí timpeallachta. Tochailt óir, agus an leagarnach atá ag roinnt léi, is cionsiocair le lagú an Irrawaddy, príomhabhainn na tíre, agus tá calaí abhann á n-aistriú go háiteanna eile dá bharr.¹¹

I dtír shuaite bíonn deoraithe ann. De réir tuairisce de chuid an *Internal Displacement Monitoring Centre*, ruaigeadh timpeall 66,000 duine de chuid na mionphobal eitneach in oirthear Bhurma sa bhliain 2008. I Stát Karen ba mheasa an scéal, agus 100,000 deoraí ann. Tá cúiseanna seachas ionsuithe míleata leis an ruaigeadh, mar atá sclábhaíocht éigeantach, coigistiú talaimh agus eile, rudaí a tharlaíonn sna bailte móra féin agus de dheasca tionscadail stáit go minic. Ní hé an rialtas amháin atá freagrach as. Coinníonn grúpaí eitneacha smacht ar mhuintir na háite chun údarás a chur lena rialú féin agus chun fáil a bheith acu ar bhia, ar fhaisnéis agus ar oibrithe.¹²

⁷ 'The Military Mindset,' Saw Tun, *The Irrawaddy*, 13/3/09; www.irrawaddy.org.

⁸ 'Sanctions Are Not to Blame for Burma's Economic Woes,' Moe Zawoo, *The Irrawaddy*, 3/3/09, agus alt le Zarni, *Irrawaddy*, 26/2/09.

⁹ 'Burma, the Opposition and Economic Development,' David I. Steinberg, *The Irrawaddy*, 20/2/09.

¹⁰ 'Ethnic Minorities Hold the Key to Burma's Future,' Min Zin, *The Irrawaddy*, 23/1/08.

¹¹ 'Low water level in Irrawaddy threatens commercial port,' Ahunt Phone Myat, *The Democratic Voice of Burma (DVB)*, 6/3/09; www.dvb.no.

¹² 'Nearly half a million displaced inside Burma,' Francis Wade, *DVB*, 9/3/09.

Idir an dá linn tá an rialtas ag faire a naimhde sa bhaile. Mar shampla amháin, gabhadh an gníomhaí cearta daonna Thein Thein Yin, bean óg, in Stát Arakan ar 11/2/09 agus é curtha ina leith go raibh sí ag soláthar scéalta do ghníomhaireachtaí eachtrannacha nuachta. Shíl na húdaráis go raibh gá le trí phóilín déag lena gabháil, agus tugadh í go dtí bunáit airm. Tá a mac, páiste sé bliana, faoi chúram a tuismitheoirí ó shin.¹³ Titeann rudaí eile amach agus gan aon mhíniú soiléir orthu. Pléascadh dhá bhuama ar 3/3/09, ceann in iarthar Rangúin agus an ceann eile in aice leis an ollscoil, agus baint acu le sraith pléascaí beaga a thosaigh sa chéad chuid den bhliain 2008.

Tharla na cinn is déanaí tar éis cruinniú mullaigh de chuid ASEAN, mar ar éirigh le baill na heagraíochtaí dul timpeall cheist Bhurma, mar is gnáth, agus iad ag dul i muinín eadráin na Náisiún Aontaithe. Mar is gnáth, arís, d'fheann na gníomhaithe iad as a n-anbhainne croí.¹⁴ Ach ní chuirfeadh dearcadh ASEAN iontas ort agus tú ag cuimhneamh ar chúrsaí tráchtála agus ar an dúil atá acu sa tsocracht pholaitiúil.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to ColinG.Ryan@ato.gov.au.

¹³ 'Activist arrested for supplying news,' Maung Too, *DVB*, 9/3/09.

¹⁴ 'Two blasts hit main Burmese city,' *BBC*, 4/3/09.